# Déan Comhrá

## ‘Cúpla Focal’ for Parents and Guardians



Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Gaeloideachas
Guth don Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

# Fáilte

Tá an leabhrán seo dírithe ar thuismitheoirí agus chaomhnóirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar naíonra nó ar scoil lán-Ghaeilge. Tá sé lán le frásaí simplí úsáideacha a bhféadfaí a úsáid sa bhaile leis an teanga a shní isteach sa saol laethúil. Tá go leor buntáistí ag baint leis an nGaeilge a úsáid sa bhaile agus is cinnte go gcabhróidh moladh agus spreagadh uait féin le do pháiste éirí níos muiníní sa teanga. Má fheiceann do pháiste go bhfuil tusa díograiseach agus dearfach i leith na teanga, beidh an meon céanna aige nó aici. Is fiú go mór breathnú ar ár suíomh idirlín IrishforParents.ie freisin, áit a bhfuil i bhfad níos mó acmhainní atá dírithe ar na sainriachtanais teanga atá ag tuismitheoirí agus caomhnóirí. Cabhróidh an suíomh go mór leat cur le do stór focal ar théamaí éagsúla ábhartha, an chluastuiscint a chleachtadh agus cur le do chuid eolais ar struchtúir na teanga. D'fhéadfadh an teaghlach roinnt Gaeilge a fhoghlaim le chéile fiú. Tá súil againn go mbeidh spraoi agaibh ar an aistear seo le chéile. Bain triail as!

This booklet is aimed at parents and guardians of children attending a naíonra or Irish-medium school. It is full of simple, practical vocabulary that can be used at home together on a daily basis. There are many benefits of speaking Irish at home with your child and we hope that these words and phrases will help make Irish part of your daily routine. You can help your child build on their confidence and improve their Irish by giving them lots of opportunities to speak Irish outside of the classroom. It will help them greatly to have regular, real reasons for using the language. If they see that you are enthusiastic and positive about the language, they will be too! If you wish to learn Irish yourself, we highly recommended that you use this booklet alongside our website IrishforParents.ie. You will find many excellent resources on the site which have been specifically developed for the language requirements of parents and guardians of children in Irish-medium education. The website will help you build vocabulary based on relevant topics, help your understanding of spoken Irish through video and audio files and you can learn more about language structures. We hope you have fun on this journey together. Bain triail as!

# Ábhar
## Contents


Beannachtaí agus Frásaí Úsáideacha Eile do Chomhráite
Greetings and Other Useful Phrases for Everyday Conversations 4

An Teaghlach
The Family 6

Ranganna
Classes 10

Ábhair Scoile
School Subjects 11

Frásaí le húsáid sa Naíonra nó sa Scoil
Phrases to use at the Naíonra or School 14

Frásaí do Nótaí agus Ríomhphoist
Phrases for Notes and Emails 15

Sa Bhaile
At Home 17

Ag déanamh Obair Bhaile
Doing Homework 22

Moladh
Praise 26

Am Luí
Bedtime 26

An Corp
The Body 27

Bia agus Deoch
Food and Drink 28

Éadaí
Clothes 30

Dathanna
Colours 31

Cruthanna
Shapes 32

Laethanta na Seachtaine
Days of the week 33

Míonna
Months 33

Séasúir
Seasons 33

An Aimsir
The Weather 34

An Zú
The Zoo 35

An Fheirm
The Farm 36

Acmhainní Eile
Other Resources 38

# Beannachtaí agus Frásaí Úsáideacha Eile do Chomhráite

## Greetings and Other Useful Phrases for Everyday Conversations

| | |
|---|---|
| Good morning | Dia duit ar maidin<br>Maidin mhaith |
| Did you sleep well? | Ar chodail tú go maith? |
| I did/Yes (sleep well) | Chodail |
| I didn't/No (sleep well) | Níor chodail |
| Hello (to one person) | Heileo<br>Dia duit |
| Hello (answer to above) | Dia is Muire duit |
| Hello (to more than one person) | Dia daoibh |
| Hello (answer to above) | Dia is Muire daoibh |
| Hi | Haigh |
| How are you? | Conas atá tú?<br>Cén chaoi a bhfuil tú?<br>Cad é mar atá tú? |
| I'm well, thank you | Táim go maith, go raibh maith agat |
| I'm fine, thank you | Táim go breá, go raibh maith agat |
| What's your name? | Céard is ainm duit?<br>Cén t-ainm atá ort? |
| My name is Sadhbh | Sadhbh is ainm dom |
| I'm Sadhbh | Is mise Sadhbh |
| My name is Conall | Conall is ainm dom |
| I'm Conall | Is mise Conall |




| | |
|---|---|
| Nice to meet you | Is deas bualadh leat<br>Is deas casadh leat |
| Nice to see you | Is deas tú a fheiceáil |
| Long time no see | Ní fhaca mé le fada thú |
| Goodbye (to one person) | Slán leat |
| Goodbye (to more than one person) | Slán libh |
| Bye for now | Slán go fóill |
| I'll see you tomorrow | Feicfidh mé amárach thú |
| See you later | Feicfidh mé ar ball thú |
| Have a lovely day | Bíodh lá álainn agat |
| Have a nice day | Bíodh lá deas agat |
| Have a nice weekend | Bíodh deireadh seachtaine deas agat |
| Have fun | Bain sult as |
| Congratulations | Comhghairdeas |
| Good Luck | Ádh Mór |
| Happy Birthday | Lá breithe sona<br>Breithlá sona |
| Happy Christmas! | Nollaig Shona! |
| Happy New Year! | Athbhliain faoi mhaise duit!<br>Bliain úr mhaith duit! |

# An Teaghlach
## The Family

| | |
|---|---|
| parent | tuismitheoir |
| parents | tuismitheoirí |
| mother<br>mammy | máthair<br>mamaí |
| father<br>daddy | athair<br>daidí |
| daughter | iníon |
| son | mac |
| brother | deartháir |
| sister | deirfiúr |
| grandfather<br>grandad | seanathair<br>daideo |
| grandmother<br>granny/nanny | seanmháthair<br>mamó |
| granddaughter | gariníon |
| grandson | garmhac |
| aunt | aintín |
| uncle | uncail |
| cousin | col ceathrar |
| nephew | nia |
| niece | neacht |



| | |
|---|---|
| husband | fear céile |
| wife | bean chéile |
| partner | páirtí |
| stepfather | leasathair |
| stepmother | leasmháthair |
| stepdaughter | leasiníon |
| stepson | leasmhac |
| stepbrother | leasdeartháir |
| stepsister | leasdeirfiúr |
| twins | cúpla |
| How many children do you have? | Cé mhéad páiste atá agat? |
| How many brothers and sisters do you have? | Cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá agat? |
| How many brothers do you have? | Cé mhéad deartháir atá agat? |
| How many sisters do you have? | Cé mhéad deirfiúr atá agat? |
| I have one brother | Tá deartháir amháin agam |
| I have one sister | Tá deirfiúr amháin agam |
| I have one son | Tá mac amháin agam |

| | |
|---|---|
| I have one daughter | Tá iníon amháin agam |
| I have two brothers | Tá beirt deartháireacha agam |
| I have two sister | Tá beirt deirfiúracha agam |
| I have two sons | Tá beirt mhac agam |
| I have two daughters | Tá beirt iníonacha agam |
| I have no brothers or sisters | Níl aon deartháireacha ná deirfiúracha agam |
| I am an only child | Is páiste aonair mé |
| He is an only child | Is páiste aonair é |
| She is an only child | Is páiste aonair í |
| They are twins | Is cúpla iad |
| Fionn is the eldest | Is é Fionn an duine is sine |
| Róise is the youngest | Is í Róise an duine is óige |
| Cian is in the middle | Tá Cian sa lár |
| What age is he? | Cén aois é? |
| What age is she? | Cén aois í? |
| He is … | Tá sé… |
| She is … | Tá sí… |
| He/she is one year old | Tá sé/sí aon bhliain d'aois<br>Tá sé/sí bliain d'aois |

| | |
|---|---|
| He/she is two years old | Tá sé/sí dhá bhliain d'aois |
| He/she is three/four/five/six years old | Tá sé/sí trí/ceithre/cúig/sé bliana d’aois |
| He/she is seven/eight/ nine/ten years old | Tá sé/sí seacht/ocht/ naoi/deich mbliana d’aois |
| He/she is eleven years old | Tá sé/sí aon bhliain déag d’aois |
| He/she is twelve years old | Tá sé/sí dhá bhliain déag d’aois |
| He/she is thirteen years old | Tá sé/sí trí bliana déag d’aois |



# Na Ranganna

## Classes

| **Bunscoil** | |
|---|---|
| Junior Infants | Naíonáin Sóisir<br>Naíonáin Shóisearacha<br>Naíonáin Bheaga |
| Senior Infants | Naíonáin Sinsir<br>Naíonáin Shinsearacha<br>Naíonáin Mhóra |
| First Class | Rang a hAon |
| Second Class | Rang a Dó |
| Third Class | Rang a Trí |
| Fourth Class | Rang a Ceathair |
| Fifth Class | Rang a Cúig |
| Sixth Class | Rang a Sé |
| | |
| **Iar-bhunscoil** | |
| First Year | An Chéad Bhliain |
| Second Year | An Dara Bliain |
| Third Year | An Tríú Bliain |
| Transition Year | An Idirbhliain |
| Fourth Year | An Ceathrú Bliain |
| Fifth Year | An Cúigiú Bliain |
| Sixth Year | An Séú Bliain |
| Junior Cert | Teastas Sóisearach |
| Leaving Cert | Ardteist |

# Ábhair Scoile (Bunleibhéal)

## School Subjects (Primary)

| | |
|---|---|
| Art | Ealaín |
| Drama | Drámaíocht |
| English | Béarla |
| Geography | Tíreolaíocht |
| History | Stair |
| Irish | Gaeilge |
| Maths | Mata |
| Music | Ceol |
| PE | Corpoideachas |
| Religion | Reiligiún |
| Science | Eolaíocht |
| SPHE | OSPS |
| Visual Arts | Amharc-ealaíona |



# Ábhair Scoile (Iar-bhunleibhéal)

## School Subjects (Post-primary)

| | |
|---|---|
| Accounting | Cuntasaíocht |
| Agricultural Science | Eolaíocht Talmhaíochta |
| Applied Maths | An Mhatamaitic Fheidhmeach |
| Art (Craft & Design) | Ealaín (Ceird & Dearadh) |
| Biology | Bitheolaíocht |
| Business | Gnó |
| Business Studies | Staidéar Gnó |
| Chemistry | Ceimic |
| Civic, Social and Political Education (CSPE) | Oideachas Saoránach Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP) |
| Classical Studies | Léann Clasaiceach |
| Computer Science | Ríomheolaíocht |
| Construction Studies | Staidéar Foirgníochta |
| Economics | Eacnamaíocht |
| Engineering | Innealtóireacht |
| English | Béarla |
| French | Fraincis |
| Geography | Tíreolaíocht |
| German | Gearmáinis |
| History | Stair |
| Home Economics | Eacnamaíocht Bhaile<br>Tíos |
| Irish | Gaeilge |
| Italian | Iodáilis |
| Latin | Laidin |
| Maths | Mata |
| Metalwork | Miotalóireacht |
| Music | Ceol |

| | |
|---|---|
| PE | Corpoideachas |
| Physics | Fisic |
| Religion | Reiligiún |
| Religious Education | Oideachas Reiligiúnach |
| Science | Eolaíocht |
| Spanish | Spáinnis |
| SPHE | OSPS |
| Technical Drawing<br>Technical Graphics | Líníocht Theicniúil<br>Grafaic Theicniúil |
| Technology | Teicneolaíocht |



# Frásaí le húsáid sa Naíonra nó sa Scoil

## Phrases to use at the Naíonra or School

| | |
|---|---|
| Excuse me | Gabh mo leithscéal |
| I'm sorry | Tá brón orm |
| Can I have a word? | An bhféadfainn labhairt leat?<br>An féidir liom caint leat? |
| Could I have a word in private? | An bhféadfainn labhairt leat go príobháideach? |
| I would like to speak to the principal | Ba mhaith liom labhairt leis an bpríomhoide |
| I'm here to collect (child's name) | Táim anseo chun (ainm an pháiste) a bhailiú |
| Come in | Tar isteach |
| He/she is sick | Tá sé/sí tinn |
| He has a cough | Tá casacht air |
| She has a cough | Tá casacht uirthi |
| He has a cold | Tá slaghdán air |
| She has a cold | Tá slaghdán uirthi |
| He has a headache | Tá tinneas cinn air |
| She has a headache | Tá tinneas cinn uirthi |
| He has a pain in his tummy | Tá pian ina bholg |
| She has a pain in her tummy | Tá pian ina bolg |
| He has a sore throat | Tá scornach thinn air |
| She has a sore throat | Tá scornach thinn uirthi |
| He is dizzy | Tá meadhrán ina cheann |
| She is dizzy | Tá meadhrán ina ceann |
| He/she forgot…<br>his/her lunch<br>her schoolbag<br>his schoolbag<br>the money<br>the tickets | Rinne sé/sí dearmad ar…<br>a lón<br>a mála scoile<br>a mhála scoile<br>an t-airgead<br>na ticéid |
| I'll come back with it later | Tiocfaidh mé ar ais leis ar ball |

# Frásaí do Nótaí agus Ríomhphoist

## Phrases for Notes and Emails

| | |
|---|---|
| Dear Principal | A Phríomhoide, a chara |
| Dear Teacher | A Mhúinteoir, a chara |
| Kind regards,<br>(your name) | Le dea-ghuí,<br>(d'ainm) |
| Yours Sincerely,<br>(your name) | Is mise, le meas<br>(d'ainm) |
| Apologies that (child's name) was late today | Mo leithscéal go raibh (ainm an pháiste) déanach inniu |
| The traffic was awful | Bhí an trácht uafásach |
| There was an accident on the road | Bhí timpiste ar an mbóthar |
| He/she felt sick this morning | Bhraith sé/sí tinn ar maidin |
| (Child's name) didn't finish the homework last night | Níor chríochnaigh (ainm an pháiste) an obair bhaile aréir |
| (Child's name) has no homework done | Níl aon obair bhaile déanta ag (ainm an pháiste) |
| (Child's name) hasn't done any reading | Níl aon léitheoireacht déanta ag (ainm an pháiste) |
| (Child's name) hasn't done any spellings | Níl aon litriú déanta ag (ainm an pháiste) |
| (Child's name) hasn't all his/her homework done. He/she will finish it tonight. | Níl an obair bhaile ar fad déanta ag (ainm an pháiste). Críochnóidh sé/sí anocht í. |
| (Child's name) isn't himself/herself today | Níl (ainm an pháiste) ar fónamh inniu |
| (Child's name) is sick today | Tá (ainm an pháiste) tinn inniu |
| (Child's name) was sick yesterday | Bhí (ainm an pháiste) tinn inné |
| He/she didn't feel too well | Níor bhraith sé/sí rómhaith aréir |
| He/she spent the evening in bed | Chaith sé/sí an tráthnóna sa leaba |
| He/she will do it tonight | Déanfaidh sé/sí anocht é |
| (Child's name) will be absent tomorrow | Beidh (ainm an pháiste) as láthair amárach |

| | |
|---|---|
| (Child's name) will be absent for a week from (date) to (date) | Beidh (ainm an pháiste) as láthair ar feadh seachtaine ó (dáta) go (dáta) |
| (Child's name) will be absent for a fortnight from (date) to (date) | Beidh (ainm an pháiste) as láthair ar feadh coicíse ó (dáta) go (dáta) |
| The family are going on holidays | Tá an teaghlach ag dul ar saoire |
| We are going to a funeral | Táimid ag dul go sochraid |
| (Child's name) will be late tomorrow | Beidh (ainm an pháiste) déanach amárach |
| He/she forgot the book | Rinne sé/sí dearmad ar an leabhar |
| He/she has an appointment<br>doctor's appointment<br>hospital appointment<br>dentist's appointment | Tá coinne aige / aici<br>coinne dochtúra<br>coinne ospidéil<br>coinne fiaclóra |
| He/she is very tired | Tá sé/sí an-tuirseach |
| He/she will do it tonight | Déanfaidh sé/sí anocht é |
| I will collect him/her at… | Baileoidh mé é/í ag… |
| (Child's name) had a match yesterday and injured his/her hand. He/she cannot write. | Bhí cluiche ag (ainm an pháiste) inné agus gortaíodh a lámh. Ní féidir leis/léi scríobh. |




# Sa Bhaile

## At Home

| | |
|---|---|
| Did you have a nice day? | An raibh lá deas agat inniu? |
| Did you get up to anything fun today? | An ndearna tú aon rud spraíúil inniu? |
| How did you get on today? | Cén chaoi ar éirigh leat inniu? |
| Who were you playing with? | Cé lena raibh tú ag súgradh? |
| Who were you sitting with? | Cé a bhí ina shuí in aice leat? |
| Did anything funny happen? | Ar tharla aon rud greannmhar? |
| Did the teacher read any stories today? | Ar léigh an múinteoir aon scéalta daoibh inniu? |
| How was the trip? | Conas mar a bhí an turas? |

# Timpeall an Tí

## Around the Home




### Cineálacha Baile

### Types of Home

| | |
|---|---|
| apartment/flat | árasán |
| caravan | carbhán |
| cottage | teachín |
| farmhouse | teach feirme |
| hostel | brú |
| hotel | óstán |
| house | teach |
| mobile home | teach soghluaiste |

## Seomraí agus Spásanna Eile
### Rooms and Spaces in the Home

| | |
|---|---|
| attic | áiléar |
| balcony | balcóin |
| bathroom | seomra folctha |
| bedroom | seomra leapa<br>seomra codlata |
| dining room | seomra bia |
| garage | garáiste |
| garden | gairdín |
| hall | halla |
| kitchen | cistin |
| landing | ceann an staighre |
| office | oifig |
| playroom | seomra súgartha<br>seomra spraoi |
| porch | póirse |
| sitting room<br>living room | seomra suí<br>seomra suite |
| stairs | staighre |
| study | seomra staidéir |
| sunroom | grianán |
| utility room | seomra fóntais |



# Troscán agus Earraí Tí
Furniture and Household Items


## Sa Chistin/Seomra Fóntais
In the Kitchen/Utility Room

| | |
|---|---|
| bowl | babhla |
| chair | cathaoir |
| chopsticks | cipíní itheacháin |
| clock | clog |
| cooker | sorn |
| cup | cupán |
| dishwasher | niteoir soithí |
| door | doras |
| fork | forc |
| freezer | reoiteoir |
| fridge | cuisneoir |
| frying pan | friochtán |
| glass | gloine |
| hoover | húvar folúsghlantóir |
| iron | iarann |
| ironing board | clár iarnála |
| jug | crúiscín |
| kettle | citeal |
| knife | scian |
| laundry basket | ciseán níocháin |
| microwave | oigheann micreathonnach |
| mop | mapa |

| | |
|---|---|
| mug | muga |
| oven | oigheann |
| plate | pláta |
| press | cófra |
| rolling pin | crann fuinte |
| saucepan | sáspan |
| spoon | spúnóg |
| sweeping brush | scuab urláir |
| table | bord |
| tablecloth | éadach boird |
| teapot | taephota |
| tray | tráidire |
| tumble dryer | triomadóir éadaigh |
| washing machine | meaisín níocháin |
| weighing scales | scálaí |



## Sa Seomra Suí
### In the Sitting Room



| | |
|---|---|
| armchair | cathaoir uilleach |
| bookcase/bookshelf | leabhragán<br>seilf leabhar |
| couch | tolg |
| fireplace | tinteán |
| lamp | lampa |
| mantel | matal |
| mirror | scáthán |
| rug | ruga |
| shelf | seilf |
| stove | sorn |
| television | teilifís |



## Sa Seomra Codlata
### In the Bedroom

| | |
|---|---|
| bed | leaba |
| blanket | blaincéad<br>pluid |
| blinds | dallóga |
| carpet | cairpéad |
| curtains | cuirtíní |
| desk | deasc |
| duvet | duivé |
| pillow | piliúr |
| wardrobe | vardrús |

## Sa Seomra Folctha
### In the Bathroom

| | |
|---|---|
| bath | folcadán |
| bin | bosca bruscair |
| mirror | scáthán |
| shower | cith |
| sink | doirteal |
| soap | gallúnach |
| toilet | leithreas |
| toilet roll/toilet paper | páipéar leithris |
| toothbrush | scuab fiacla |
| toothpaste | taos fiacla |
| towel | tuáille |



# Ag déanamh Obair Bhaile

## Doing Homework

| | |
|---|---|
| reading | léitheoireacht |
| sums | suimeanna |
| spelling | litriú |
| tables | táblaí |
| worksheet | bileog oibre |
| Do you have any homework?<br>Yes/No | An bhfuil aon obair bhaile agat?<br>Tá/Níl |
| Do you have a lot of homework? | An bhfuil a lán obair bhaile agat? |
| Do you need help?<br>Yes/No | An bhfuil cabhair ag teastáil uait?<br>Tá/Níl |
| Is it difficult?<br>Yes/No | An bhfuil sé deacair?<br>Tá/Níl |
| Is it easy?<br>Yes/No | An bhfuil sé éasca?<br>Tá/Níl |
| Is it interesting?<br>Yes/No | An bhfuil sé suimiúil?<br>Tá/Níl |
| Are you finished your homework?<br>Yes/No | An bhfuil d'obair bhaile críochnaithe agat? Tá/Níl |
| Do you have your book?<br>Yes/No | An bhfuil do leabhar agat?<br>Tá/Níl |
| Do you have your pen? | An bhfuil do pheann agat? |
| Where is …<br>your book?<br>your copy?<br>your coat?<br>your colouring pencils?<br>your diary?<br>your lunchbox?<br>your schoolbag?<br>your sheet/leaflet?<br>your pen?<br>your pencil?<br>your ruler?<br>your tablet? | Cá bhfuil …<br>do leabhar?<br>do chóipleabhar?<br>do chóta?<br>do phionsailí dathadóireachta?<br>do dhialann?<br>do bhosca lóin?<br>do mhála scoile?<br>do bhileog?<br>do pheann?<br>do pheann luaidhe?<br>do rialóir?<br>do tháibléad? |

# Ceisteanna
## Questions


| | |
|---|---|
| How? | Conas?<br>Cén chaoi?<br>Cén dóigh? |
| How far? | Cá fhad?<br>Cé chomh fada?<br>Cén fad? |
| How long? | Cá fhad?<br>Cé chomh fada?<br>Cén fad? |
| How much/how many? | Cé mhéad?<br>Cá mhéad? |
| How often? | Cé chomh minic? |
| What? | Cad?<br>Céard? |
| What kind/type? | Cén cineál?<br>Cén saghas? |
| What's the time? | Cén t-am é? |
| When? | Cathain?<br>Cén uair? |
| Where? | Cén áit?<br>Cá? |
| Which? | Cén?<br>Cé acu? |
| Who? | Cé? |
| Why? | Cén fáth? |




# Frásaí Úsáideacha don Mhata

## Useful Phrases for Maths

| **Briathra**<br>Verbs | |
|---|---|
| Add | Suimigh |
| Calculate | Ríomh |
| Count | Comhair<br>Cuntais |
| Divide | Roinn |
| Estimate | Meas |
| Match<br>Pair up | Meaitseáil |
| Measure | Tomhais |
| Multiply | Iolraigh<br>Méadaigh |
| Sort | Sórtáil<br>Cuir in eagar |
| Subtract | Dealaigh<br>Bain |
| Trace | Rianaigh |
| Weigh | Meáigh |






## Focail agus Frásaí Úsáideacha Eile

Other Useful Words and Phrases

| | |
|---|---|
| almost | beagnach |
| angle | uillinn |
| area | achar |
| ascending order | ord ardaitheach |
| average | meán |
| capacity | toilleadh |
| circumference | imlíne |
| coin | bonn<br>bonn airgid |
| decimal | deachúil |
| degree | céim |
| descending order | ord íslitheach |
| early | luath |
| empty | folamh |
| full | lán |
| heavy, heavier, heaviest | trom, níos troime, is troime |
| height | airde |
| late | mall |
| length | fad |
| light, lighter, lightest | éadrom, níos éadroime, is éadroime |
| long, longer, longest | fada, níos faide, is faide |
| minus | lúide |
| parallel | comhthreomhar |
| percentage | céatadán |
| perpendicular | ingearach |
| short, shorter, shortest | gearr, níos giorra, is giorra |
| symmetry | siméadracht |
| weight | meáchan |
| Write the number in the box | Scríobh an uimhir sa bhosca |

# Moladh

## Praise

| | |
|---|---|
| Well done! | Maith thú! |
| Good boy! | Maith an buachaill! |
| Good girl! | Maith an cailín! |
| Great work! | An-obair! |
| Very good! | An-mhaith! |
| That's nice/lovely! | Tá sé sin go deas/go hálainn! |
| That's excellent! | Tá sé sin ar fheabhas! |
| That's really neat work! | Tá an obair sin an-néata! |
| Excellent! Keep it up! | Ar fheabhas ar fad! Coinnigh ort! |
| You've done a great job | Tá obair iontach déanta agat |
| That's a lovely picture | Is pictiúr álainn é sin |
| I like it | Is maith liom é |
| I love it | Is breá liom é |
| Do you like it? | An maith leatsa é? |
| I'm very proud of you | Táim an-bhródúil asat |

# Am Codlata / Am Luí


## Bedtime

| | |
|---|---|
| It's bedtime | Tá sé in am codlata<br>Tá am luí ann |
| Brush your teeth, please | Scuab d'fhiacla, le do thoil |
| Put on your pyjamas | Cuir ort do phitseámaí |
| Goodnight, sleep tight | Oíche mhaith, codladh sámh |
| Sweet dreams | Codladh sámh |
| Give me a hug | Tabhair barróg dom |
| I love you | Grá mo chroí thú |
| Would you like to read a story? | Ar mhaith leat scéal a léamh? |
| I'll read you a story | Inseoidh mé scéal duit |
| Would you like to choose a book? | Ar mhaith leat leabhar a roghnú? |

# An Corp
## The Body

| | |
|---|---|
| arm | lámh |
| back | droim |
| bum | tóin |
| chin | smig |
| ear | cluas |
| ears | cluasa |
| elbow | uillinn |
| eye | súil |
| eyes | súile |
| eyebrows | malaí |
| eyelash | fabhra |
| face | aghaidh |
| finger | méar |
| fingers | méara |
| foot/leg | cos |
| feet/legs | cosa |
| hair | gruaig |
| hand | lámh |

| | |
|---|---|
| hands | lámha |
| head | ceann |
| knee | glúin |
| knees | glúine |
| lips | beola |
| mouth | béal |
| neck | muineál |
| nose | srón |
| shoulder | gualainn |
| stomach | bolg |
| throat | scornach |
| thumb | ordóg |
| toe | ladhar<br>méar coise |
| toes | ladhracha |
| tongue | teanga |
| tooth | fiacail |
| teeth | fiacla |



# Bia agus Deoch
## Food and Drink



| | |
|---|---|
| apple | úll |
| banana | banana |
| beans | pónairí |
| beef | mairteoil |
| biscuit | briosca |
| bread | arán |
| butter | im |
| cereal | gránach |
| cheese | cáis |
| chicken | sicín |
| chocolate | seacláid |
| coffee | caife |
| cracker | craicear |
| crisps | criospaí |
| egg | ubh |
| fast food | mearbhia |
| fish | iasc |
| fruit | torthaí |
| ham | liamhás |
| honey | mil |
| ice cream | uachtar reoite |
| jam | subh |
| jelly | glóthach |
| juice | sú |
| lamb | uaineoil |
| lemonade | líomanáid |
| lettuce | leitís |
| meat | feoil |

| | |
|---|---|
| milk | bainne |
| orange | oráiste |
| orange juice | sú oráiste |
| pasta | pasta |
| pitta bread | arán piota |
| popcorn | grán rósta |
| porridge | leite |
| raisins | rísíní |
| rice cake | císte ríse |
| salad | sailéad |
| sandwich | ceapaire |
| sauce | anlann |
| sausages | ispíní |
| soup | anraith |
| steak | stéig |
| strawberry | sú talún |
| sugar | siúcra |
| sweet | milseán |
| tea | tae |
| toast | tósta<br>arán tíortha |
| tomato | tráta |
| tuna | tuinnín |
| turkey | turcaí |
| vegetables | glasraí |
| water | uisce |
| wrap | fillteog |
| yogurt | iógart |


| | |
|---|---|
| Do you have your lunch?<br>Yes<br>No | An bhfuil do lón agat?<br>Tá<br>Níl |
| Are you hungry?<br>Yes<br>No | An bhfuil ocras ort?<br>Tá<br>Níl |
| Are you thirsty?<br>Yes<br>No | An bhfuil tart ort?<br>Tá<br>Níl |
| Will you eat a wrap?<br>Yes/I will eat<br>No/I won't eat | An íosfaidh tú fillteog?<br>Íosfaidh<br>Ní íosfaidh |
| Would you like a sandwich? | Ar mhaith leat ceapaire? |
| Would you like a drink?<br>Yes/I would<br>No/I wouldn't | Ar mhaith leat deoch?<br>Ba mhaith<br>Níor mhaith |
| Will you have…?<br>Yes/I will<br>No / I won't | An mbeidh …. agat?<br>Beidh<br>Ní bheidh |
| Please | Más é do thoil é<br>Le do thoil |
| Thank you | Go raibh maith agat |
| You're welcome | Fáilte romhat |
| I am hungry | Tá ocras orm |
| I am thirsty | Tá tart orm |

## Béilte
## Meals




| | |
|---|---|
| meal | béile |
| breakfast | bricfeasta |
| lunch | lón |
| dinner | dinnéar |
| dessert | milseog |
| supper | suipéar |
| snack | sneaic |

# Éadaí
## Clothes




| | |
|---|---|
| belt | beilt<br>crios |
| blouse | blús |
| button | cnaipe |
| cap | caipín |
| cardigan | cairdeagan |
| coat | cóta |
| dress | gúna |
| football boots | bróga peile |
| football jersey | geansaí peile |
| gloves | lámhainní |
| hat | hata |
| jacket | seaicéad |
| jeans | brístí géine<br>jíons |
| jumper | geansaí |
| leggings | luiteoga |
| pocket | póca |
| raincoat | cóta báistí |
| runners | bróga reatha |
| scarf | scairf |
| school uniform | éide scoile |
| shirt | léine |
| shoe | bróg |
| shoes | bróga |

| | |
|---|---|
| shorts | bríste gearr |
| skirt | sciorta |
| slippers | slipéir |
| sock | stoca |
| socks | stocaí |
| tie | carbhat |
| tights | riteoga |
| tracksuit | culaith reatha<br>culaith spóirt |
| trousers | bríste<br>treabhsar |
| t-shirt | t-léine |
| underwear | fo-éadaí |
| wellies | buataisí |
| Hang up your uniform | Croch suas d'éide scoile |
| Put it in the laundry basket | Cuir sa chiseán níocháin é |
| Put on your uniform | Cuir ort d'éide scoile |
| Take off your uniform | Bain díot d'éide scoile |
| Where is your uniform? | Cá bhfuil d'éide scoile? |




# Dathanna
## Colours


| | |
|---|---|
| Black | Dubh |
| Blue | Gorm |
| Brown | Donn |
| Green | Glas |
| Grey | Liath |
| Indigo | Indeagó / Plúirín |
| Navy | Dúghorm |
| Orange | Oráiste |
| Pink | Bándearg |
| Purple | Corcra |
| Red | Dearg |
| Violet | Corcairghorm |
| White | Bán |
| Yellow | Buí |




# Cruthanna
## Shapes


circle
ciorcal



cone
cón



cube
ciúb



cuboid
ciúbóideach


cylinder
sorcóir


hexagon
heicseagán



oval
ubhchruth



pentagon
peinteagán


pyramid
pirimid


square
cearnóg


rectangle
dronuilleog


sphere
sféar


triangle
triantán

## Laethanta na Seachtaine
### Days of the week

| | |
|---|---|
| Monday | an Luan / Dé Luain |
| Tuesday | an Mháirt / Dé Máirt |
| Wednesday | an Chéadaoin / Dé Céadaoin |
| Thursday | an Déardaoin / Déardaoin |
| Friday | an Aoine / Dé hAoine |
| Saturday | an Satharn / Dé Sathairn |
| Sunday | an Domhnach / Dé Domhnaigh |



## Míonna
### Months

| | |
|---|---|
| January | Eanáir |
| February | Feabhra |
| March | Márta |
| April | Aibreán |
| May | Bealtaine |
| June | Meitheamh |
| July | Iúil |
| August | Lúnasa |
| September | Meán Fómhair |
| October | Deireadh Fómhair |
| November | Samhain |
| December | Nollaig |

## Séasúir
### Seasons

| | |
|---|---|
| spring | earrach |
| summer | samhradh |
| autumn | fómhar |
| winter | geimhreadh |

# An Aimsir
## The Weather



| | |
|---|---|
| clouds | scamaill |
| lightning | tintreach |
| rain | báisteach<br>fearthainn |
| rainbow | tuar ceatha<br>bogha báistí |
| snow | sneachta |
| storm | stoirm |
| sun | grian |
| thunder | toirneach |
| wind | gaoth |
| It's a fine day | Lá breá atá ann |
| It's chilly | Tá sé fuar |
| It's frosty/freezing | Tá sé ag cur seaca |
| It's snowing | Tá sé ag cur sneachta |
| It's hot today | Tá sé te inniu |
| It's nice and dry | Tá sé breá tirim |
| It's raining heavily | Tá sé ag cur go trom<br>Tá sé ag stealladh báistí |
| It's very windy today | Tá sé an-ghaofar inniu |
| Take spare clothes with you | Tabhair éadaí breise leat |
| You'll need your coat | Beidh do chóta ag teastáil |
| You'll need your wellies | Beidh do bhuataisí ag teastáil |

# Aidiachtaí
## Adjectives

| | |
|---|---|
| chilly | fuar |
| cloudy | scamallach |
| cold | fuar |
| dry | tirim |
| foggy | ceomhar |
| hot | te |

| | |
|---|---|
| rainy | fliuch |
| stormy | stoirmiúil |
| sunny | grianmhar |
| warm | te |
| windy | gaofar |

# An Zú

## The Zoo





| | |
|---|---|
| bear | béar |
| camel | camall |
| cheetah | síota |
| crocodile | crogall |
| elephant | eilifint |
| giraffe | sioráf |
| hippo | dobhareach<br>hiopó |
| kangaroo | cangarú |
| lion | leon |
| monkey | moncaí |
| penguin | piongain |
| rhino | srónbheannach |
| seal | rón |
| shark | siorc |
| snake | nathair nimhe |
| tiger | tíogar |
| wolf | mac tíre<br>faolchú |
| zebra | séabra |
| zookeeper | coimeádaí zú |
| Would you like to go to the zoo? | Ar mhaith leat dul chuig an zú? |
| We'll take a picnic with us | Tabharfaimid picnic linn |
| We'll see elephants, tigers and giraffes | Feicfimid eilifintí, tíogair agus sioráif |



# An Fheirm
## The Farm

### Ainmhithe
### Animals



| | |
|---|---|
| badger | broc |
| bull | tarbh |
| calf | lao<br>gamhain |
| cat | cat |
| chicken | sicín |
| cow | bó |
| dog | madra |
| donkey | asal |
| duck | lacha |
| duckling | éan lachan |
| foal | searrach |
| fox | sionnach<br>madra rua |
| frog | frog |
| goat | gabhar |
| goose | gé |
| hare | giorria |
| hen | cearc |
| horse | capall |
| kitten | puisín<br>piscín |
| lamb | uan |
| owl | ulchabhán |
| pig | muc |
| puppy | coileán |
| rabbit | coinín |
| rooster | coileach |
| sheep | caora |
| sheepdog | madra caorach<br>sípéir |
| turkey | turcaí |

## Machinery, Buildings and Other Words
### Innealra, Foirgnimh agus Focail Eile



| | |
|---|---|
| barn | scioból |
| farmer | feirmeoir |
| field | páirc |
| hay | féar |
| scarecrow | fear bréige |
| shed | seid |
| silage | sadhlas |
| stable | stábla |
| straw | tuí |
| tractor | tarracóir |
| trailer | leantóir |



# Acmhainní Úsáideacha

# Useful Resources

## Irish for parents.ie

This site has been developed by Gaeloideachas as a resource for parents whose children attend naíonraí and Irish-medium primary schools and also as a resource for teachers who teach Irish language classes for parents. The website is full of helpful learning resources - vocabulary based on relevant topics, video and audio files, as well as information about language structures. There is also support available with homework.

D'fhorbair Gaeloideachas an suíomh seo mar acmhainn do thuismitheoirí a bhfuil a gcuid páistí ag freastal ar naíonra nó ar bhunscoil lán-Ghaeilge agus mar acmhainn do mhúinteoirí a mhúineann ranganna Gaeilge do thuismitheoirí. Tá tacaíocht ar fáil le hobair bhaile ann agus go leor acmhainní féinteagaisc do dhaoine atá  ag iarraidh cur lena gcuid Gaeilge féin - físeáin, cleachtaí agus go leor acmhainní tacaíochta eile.

# Foclóirí

## Dictionaries

There are many great dictionaries available online. These can be used to find the Irish or English equivalent word while you are reading with your child, helping with homework, playing a game, etc. Some of the dictionaries also provide information about pronunciation, grammar, and usage.

Tá go leor foclóirí iontacha ar fáil ar líne. Is féidir na hacmhainní seo a úsáid chun teacht ar an leagan Gaeilge nó Béarla d'fhocal agus tú i mbun léitheoireachta le do pháiste, ag cabhrú le hobair bhaile, ag spraoi, etc. Tugann roinnt foclóirí eolas breise maidir le foghraíocht, gramadach agus conas focail a úsáid.

### Foclóir.ie

As well as Irish translations for the English content, this dictionary also contains grammatical information and sound files where you can hear how words are pronounced in different dialects. This feature could be useful if you are unsure how to pronounce words you may meet in your child's readers, homework or even in this booklet. The dictionary also has an app available to download.

Tá an foclóir seo ar fáil saor in aisce. Tá eolas gramadaí agus comhaid fuaime ann atá an-chabhrach don fhoghlaimeoir. Tá aip an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge ar fáil le híoslódáil freisin.

## Foclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill

This is a searchable electronic version of Ó Dónaill's Irish-English Dictionary. To look up a word, you simply type the word in the search box and click to find the relevant information in Foclóir Gaeilge-Béarla. The entry or entries for that word in Foclóir Gaeilge-Béarla are given first, followed by any related entries, followed by sample phrases in which the search word occurs under other entries within Foclóir Gaeilge-Béarla. Very useful if you want to check the meaning of an Irish word or want to find out further grammatical information about a verb or noun.

Tá leagan leictreonach inchuardaithe d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill ar fáil ar líne. Chun teacht ar fhocal ar leith, ní gá ach an focal sin a chur sa bhosca cuardaigh agus cliceáil chun teacht ar an eolas ábhartha mar atá in Foclóir Gaeilge-Béarla. Tugtar iontráil nó iontrálacha an fhocail sin in Foclóir Gaeilge-Béarla ar dtús, ansin iontrálacha gaolmhara más ann dóibh, ansin frásaí samplacha ina bhfaightear an focal cuardaigh faoi iontrálacha eile in Foclóir Gaeilge-Béarla. Tá an foclóir seo an-úsáideach má tá focal Gaeilge agat agus tú ag iarraidh brí an fhocail sin a sheiceáil nó má tá tú ag iarraidh eolas gramadaí a lorg.

www.teanglann.ie/ga/fgb/

## English-Irish Dictionary (de Bhaldraithe, 1959)

This is a searchable electronic version of de Bhaldraithe's English-Irish Dictionary. To look up a word, simply type the word in the search box and click to find the relevant information in English-Irish Dictionary. The entry or entries for that word in English-Irish Dictionary are given first, followed by any related entries, followed by sample phrases in which the search word occurs under other entries within English-Irish Dictionary. Very useful if you want to check the Irish version of an English noun, adjective or verb or want to find out further grammatical information about them.

Is leagan leictreonach inchuardaithe é seo d'fhoclóir Béarla-Gaeilge de Bhaldraithe. Chun teacht ar fhocal ar leith, ní gá ach an focal sin a chur sa bhosca cuardaigh agus cliceáil chun teacht ar an eolas ábhartha mar atá in English-Irish Dictionary. Tugtar iontráil nó iontrálacha an fhocail sin in English-Irish Dictionary ar dtús, ansin iontrálacha gaolmhara más ann dóibh, ansin frásaí samplacha ina bhfaightear an focal cuardaigh faoi iontrálacha eile in English-Irish Dictionary. Tá an foclóir seo an-úsáideach má tá leagan Gaeilge d'ainmfhocal, aidiacht nó briathar ag teastáil uait nó má tá tú ag iarraidh eolas gramadaí a lorg.

www.teanglann.ie/ga/eid/

## Teanglann.ie / An Foclóir Beag

Both of these resources are particularly useful if you or your child want to spell a verb. It will give you the form of the verb in any tense, in any person! Very useful resources, especially if you have a child in the senior classes.

Tá an dá acmhainn seo an-úsáideach má tá tú féin nó do pháiste ag iarraidh cuid de bhriathar a litriú. Tugtar foirmeacha an bhriathair i ngach aimsir agus i ngach pearsa. Tá na hacmhainní seo an-úsáideach, go háirithe má tá páiste sna hardranganna agat.

www.teanglann.ie/ga/gram/

www.teanglann.ie/ga/fb/

## Téarma.ie

This is the National Terminology Database for Irish. The database contains over 370,000 terms, searchable under both Irish and English versions. This site is very useful if you are looking for the Irish or English version of a technical term in domains such as geography, sport, IT, art, maths and much more. Give it a try!

Seo é an bunachar náisiúnta téarmaíochta don Ghaeilge. Tá os cionn 370,000 téarma ar fáil sa bhunachar agus iad inchuardaithe faoi na leaganacha Gaeilge agus Béarla. Tá an suíomh seo an-úsáideach má tá leagan Gaeilge nó Béarla ag teastáil uait ar choincheap tíreolaíochta, spóirt, ríomhaireachta, ealaíne, matamaitice agus go leor eile. Bain triail as!

www.tearma.ie

# Foghlaim na Gaeilge

## Learning Irish

### Séideán Sí

Did you know that you can access some of the Séideán Sí Irish readers online? The activities on this site can help reinforce the work done in the classroom during the day and you can have fun reading with your child and playing some of the interactive games together. This is well worth a look if you have a child in an Irish-medium school.

An raibh fhios agat gur féidir teacht ar chodanna de na leabhair léitheoireachta Séideán Sí ar líne? Cabhraíonn na gníomhaíochtaí éagsúla ar an suíomh tógáil ar an obair a dhéantar sa seomra ranga le linn an lae. Is féidir leat taitneamh a bhaint as na leabhair a léamh le do pháiste agus cluichí idirghníomhacha a imirt le chéile.

www.seideansi.ie